Eolairí Leictreonacha Clár

Beartas Ceadúnaithe an BCI

Clár na nÁbhar

Réamhra

Cuid 1 Comhthéacs Rialúcháin

1. Treoirphrionsabail Rialúcháin
2. Forbhreathnú Reachtach

Cuid II Forálacha Beartais

1. Dlínse
2. Próiséas Ceadúnaithe
3. Seirbhísí Forordaithe agus Conarthaí Ábhair de réir Achta na Bliana 2001
4. Ábhar
5. Treoirlínte Formáide EPG de réir Ailt 17
6. Treoirlínte i leith Ailt 17 maidir le Seirbhísí de réir Ailt 16(5)
7. Táille Iarratais
8. Tréimhse an Chonartha
9. Próiséas Cinnteoireachta le *Conarthaí EPG* a Dhámhadh
10. Coinníollacha faoina nDámhtar Conarthaí
11. Forálacha do Phróiséas Athbhreithnithe

Cuid III Forálacha Reachtacha

1. An tAcht Craolacháin, 2001
2. An tAcht Craolacháin (Leasú), 2007

Réamhrá

Éilíonn Alt 16 agus Alt 17 den Acht Craolacháin 2001 ("Acht na bliana 2001") mar atá leasaithe ag Alt 13 den Acht Craolacháin (Leasú), 2007 ("Acht na bliana 2007") orthusan a ullmhaíonn nó a sholáthraíonn Eolairí Leictreonacha Clár ("EPG") lena n-úsáid sa Stát go mbeidh *Conradh Eolaire Leictreonaigh Clár* ("Conradh EPG") eisithe ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann ("an BCI") ina seilbh acu. I bhfianaise na riachtanas reachtach sin, tá *Beartas Ceadúnaithe an BCI i leith Eolairí Leictreonacha Clár (2007)* forbartha ag an BCI.

Tá dhá chuspóir ag an mbeartas seo.

- Bunaíonn an beartas an creat do cheadúnú na n-eolairí leictreonacha clár atá ann sa Stát faoi láthair agus a bheidh ann sa Stát amach anseo.

- Mionsonraíonn an beartas na riachtanais reachtúla agus conarthacha atá mar dhualgas ar chonraitheoirí EPG agus an chaoi a chomhlíonfar na dualgais sin i ngníomh.

Tá an doiciméad beartais seo roinnte ina thrí chuid mar seo a leanas:

Cuid 1-Comhthéacs Rialúcháin

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar an tslí ina bhfuil an beartas curtha ar an eolas ag Treoirphrionsabail Rialúcháin an BCI. Ina theannta sin, tugtar forbhreathnú gairid chomh maith ar na príomhfhorálacha reachtúla a bhaineann le ceadúnú na n-eolairí leictreonacha clár.

Cuid II-Forálacha Beartais

Mionsonraíonn an chuid seo na cineáil seirbhísí a bhfuil *Conradh EPG* de dhíth orthu agus na forálacha beartais a bhaineann leis na sealbhóirí uilig a bhfuil Conradh EPG den chineál sin eisithe de réir Ailt 16(2) d'Acht na bliana 2001 ina seilbh acu.

Cuid III- Reachtaíocht Ábhartha

Leagann an chuid seo amach go mionsonrach na forálacha reachtacha ábhartha a bhaineann le EPGanna a cheadúnú, ach go háirithe Ailt 16,17, 21, 55 agus 57 den Acht Craolacháin, 2001 agus Alt 13 den Acht Craolacháin (Leasú), 2007 a leasaíonn Alt 16 d'Acht na bliana 2001.

Cuid I Comhthéacs Rialúcháin

1. Treoirphrionsabail Rialúcháin

Is iad *Treoirphrionsabail Rialúcháin an BCI*[1] na prionsabail sin a mheasann sé a bheith tábhachtach agus a bheartas rialúcháin á cheapadh agus á chur i bhfeidhm. Is iad sin na prionsabail a chuireann an chaoi ina ndéanann an BCI a chuid gníomhaíochtaí agus a chuid dualgais. Léiríonn siad na prionsabail i leith rialú níos fearr ina pháipéar bán *Rialú Níos Fearr* chomh maith le fís, luachanna agus spriocanna an BCI mar atá forbartha ina *Phlean Straitéiseach 2004-2008*.

Tá na prionsabail sin curtha i bhfeidhm ag an BCI agus *Beartas Ceadúnaithe an BCI i leith EPG (2007)* á fhorbairt aige; léiríonn na forálacha atá cuimsithe sa bheartas, agus an chaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad, na treoirphrionsabail rialúcháin sin.

2. Forbhreathnú Reachtach

Agus beartas ceadúnaithe i leith EPG á fhorbairt aige ní mór don BCI aird a bheith aige ar Ailt 16 agus 17 den *Acht Craolacháin, 2001*, mar atá leasaithe ag Alt 13 den *Acht Craolacháin (Leasú), 2007*.

Leagtar amach na forálacha reachtúla go hiomlán i **gCuid III** den doiciméad seo. Treoir ghearr is ea an méid seo a leanas i leith na bhforálacha ábhartha agus níl sé i gceist go mbeadh sé ina léirmhíniú deifnideach ar na forálacha reachtúla.

2.1 An tAcht Craolacháin, 2001

Alt 16(1) – tugann an tAlt seo sainmhíniú ar EPG. Tá riachtanas ar na seirbhísí uilig a thagann laistigh de réim na sainmhínithe sin Ailt 16 agus 17 d'Acht na bliana 2001, mar atá leasaithe, a chomhlíonadh.

Alt 16(2) – forálann Alt 16(2) nach bhfuil cead ag éinne EPG a ullmhú nó a chur ar fáil lena úsáid sa Stát muna bhfuil conradh acu chun é sin a dhéanamh.

[1] Is mar seo a leanas atá na treoirphrionsabail:- **a)** Ilchineálacht Sheirbhísí Clár don phobal; **b)** Solúbthacht agus Comhsheasmhacht; **c**)Dóthain de Rialúchán Bunaithe ar Choinníollacha Reatha; **d)** Oscailteacht agus Caidreamh, agus **e**) Cinnteoireacht Shoiléir.

Alt 16(3) – Tugann an tAlt seo cumhacht don Choimisiún conradh a dhéanamh le haon pháirtí gur mian leo EPG a ullmhú nó a chur ar fáil. Tugtar Conradh Eolaire Leictreonaigh Clár (Conradh EPG) ar chonradh den chineál sin.

Alt 16(4) – ní mór do shealbhóir Chonartha EPG (Conraitheoir EPG) treoirlínte atá forbartha ag an BCI de réir Ailt 17 d'Acht na bliana 2001 a chomhlíonadh.

Alt 16(5) – ní mór do Chonraitheoir EPG a chinntiú go mbeidh sé éasca don phobal úsáid a bhaint as an tseirbhís EPG atá ullmhaithe de réir an Chonartha chun rochtain a fháil ar an eolas maidir le sceideal clár na seirbhísí craolacháin atá á soláthar sa Stát ag

i. An tÚdarás
ii. Teilifís na Gaeilge
iii. An Conraitheoir Seirbhíse Clár Teilifíse

Agus

Seirbhísí craolacháin a soláthraitear iad agus a faightear iad ar fud Thuaisceart Éireann trí mhodh trastíre.

Alt 16(6) – Ní dhéanfar dearadh ar EPG a ullmhóidh *Conraitheoir EPG*, a bhfuil conradh eisithe de réir Achta na bliana 2001 (seachas Alt 16) ina sheilbh aige chomh maith, sa chaoi is go gcruthófar deacracht don phobal rochtain a fháil ar sheirbhísí craolacháin ceadúnaithe de réir Achta na bliana 2001.

Alt 16(7) agus (8) mar atá leasaithe ag Acht na bliana 2007 – is féidir leis an BCI Léirithe Spéise i gconradh a dhéanamh chun seirbhís EPG a sholáthar a éileamh ionas go mbeidh an pobal curtha ar an eolas maidir leis an rogha ábhar cláir tarchuirthe ar chórais tarchurtha digiteacha trastíre, ar chábla nó ar chórais MMD.

Alt 16(9) mar atá leasaithe ag Acht na bliana 2007 – is féidir leis an BCI ordú dóibh siúd a sholáthraíonn córais tarchurtha digiteacha trastíre, córais ar chábla nó córais MMD, seirbhís EPG ceadúnaithe de réir Ailt 16 a iompar.

Alt 17 – forbróidh an BCI treoirlínte maidir leis an bhformáid trína chuirfear faisnéis sceideal clár i láthair ar EPG. Cinnteoidh an BCI chomh maith go gcuireann Conraitheoirí EPG rochtain ar an EPG atá acu ar fáil do na seirbhísí sonraithe in Alt 16(5) den Acht.

Cuid II Forálacha Beartais

Is faoi na príomhcheannteidil seo a leanas atá cur chuige an BCI maidir le ceadúnú agus rialáil Eolairí Leictreonacha Clár:-

1. Dlínse
2. Próiséas Ceadúnaithe
3. Seirbhísí Forordaithe agus Conarthaí Ábhair de réir Achta na bliana 2001
4. Ábhar
5. Treoirlínte maidir le Formáid EPG de réir Ailt 17
6. Treoirlínte I leith Ailt 17 maidir le Seirbhísí de réir Ailt 16(5)
7. Táille Iarratais
8. Tréimhse Conartha
9. An Próiséas Cinnteoireachta maidir le *Conarthaí EPG* a Dhámhadh
10. Na Coinníollacha faoina nDámhtar Conarthaí
11. Forálacha do Phróiséas Athbhreithnithe

1. Dlínse

Bainfidh na forálacha beartais seo leosan ar fad a ullmhaíonn agus/nó a sholáthraíonn EPG sa Stát.

Go praiticiúil, agus de réir Ailt 16(1) d'Acht na bliana 2001 beidh sé riachtanach go mbeidh *Conradh EPG* ag aon EPG a sholáthraítear sa Stát a úsáideann aon cheann de na córais/modhanna seo a leanas:-

- Cábla
- Saitilít
- DVB-T
- MMD
- IPTV
- DVB-H

agus go gcomhlíonfaidh siad forálacha an bheartais seo.

2. Próiséas Ceadúnaithe

Cuimsíonn *Beartas Ceadúnaithe EPG an BCI* dhá chur chuige maidir le hEolairí Leictreonacha Clár a cheadúnú. Léiríonn an dá cheann acu forálacha reachtúla Achta na bliana 2001 (mar atá leasaithe ag Acht na bliana 2007).

Is mar seo a leanas atá an dá chur chuige:

i. Próiséas Neamhiomaíoch Ceadúnaithe

De réir Ailt 16(3) d'Acht na bliana 2001, is féidir leis an BCI tabhairt faoi phróiséas neamhiomaíoch ceadúnaithe. Sa chás sin, is féidir iarratas ó pháirtí leasmhar ar sholáthar EPG a chur isteach ag céim ar bith le go ndéanfaidh an BCI é a bhreithniú agus cinneadh a ghlacadh ina leith.

ii. Próiséas Iomaíoch Ceadúnaithe

De réir Ailt 16, fo-ailt (7), (8) & (9) d'Acht na bliana 2001 (mar atá leasaithe), is féidir leis an BCI freisin tabhairt faoi phróiséas iomaíoch ceadúnaithe. Sa chás sin, tabharfar cuireadh do pháirtithe a bhfuil spéis acu seirbhís EPG a sholáthar *Léirithe Spéise* a aighniú le go ndéanfaidh an BCI iad a bhreithniú. Déanfaidh an BCI na *Léirithe Spéise* a fhaigheann sé a mheas agus d'fhéadfadh sé iarratais a éileamh chun na seirbhísí EPG a sholáthar. D'fhéadfaí go ndámhfaí *Conradh EPG* tar éis na hiarratais a mheas agus/nó tar éis éisteachtaí béil.

Forchoimeádann an BCI an ceart cibé ceann den dá chur chuige a mheasann sé a bheith oiriúnach a ghlacadh. I ngach cás, tá riachtanas ar iarratasóirí ar *Chonarthaí EPG* iarratas a dhéanamh sa bhformáid atá leagtha amach ag *Treoir an BCI i leith Iarratas ar Chonarthaí EPG*.

3. Seirbhísí Forordaithe agus Conarthaí Ábhair de réir Achta na bliana 2001

Baineann Alt 16(5) agus (6) d'Acht na bliana 2001 le héascaíocht rochtana don phobal ar sceidil sheirbhísí áirithe forordaithe craolacháin maraon le rochtain chóir, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach ar Eolairí Leictreonacha Clár do chonraitheoirí ábhair ceadúnaithe de réir Achta na bliana 2001. Tugtar breac-chuntas anois ar na slite ina gcuirfear an dá fhoráil i bhfeidhm.

3.1 Alt 16(5)

Éilíonn Alt 16(5) ar shealbhóirí *Chonarthaí EPG* a chinntiú go bhfuil an EPG a sholáthraíonn siad furasta a úsáid do dhuine den phobal chun rochtain a fháil ar fhaisnéis i dtaobh sceideal clár réimse de sheirbhísí craolacháin a sholáthraítear sa Stát agus i dTuaisceart Éireann.

I bhfeidhm, agus ag am eisithe an bheartais seo, cinnteoidh sealbhóir *Chonartha EPG* go mbeidh sé furasta don phobal a sheirbhís a úsáid chun rochtain a fháil ar sceidil clár ne seirbhísí seo a leanas:

- RTÉ 1
- RTÉ 2
- TV 3
- TG4
- UTV
- BBC1 (Tuaisceart Éireann)
- BBC2 (Tuaisceart Éireann)
- Channel 4 (Tuaisceart Éireann)

3.2 Alt 16(6)

Cinnteoidh sealbhóir *Chonartha EPG* a bhfuil conradh ina sheilbh a rinneadh de réir aon ailt d'Acht na bliana 2001 (seachas Alt 16) nach ndéanfar an tseirbhís EPG a dhearadh ina leithéid de shlí agus go mbeidh deacracht ag an bpobal rochtain a fháil ar ábhar a sholáthróidh conraitheoirí ceadúnaithe de réir Achta na bliana 2001. Soláthrófar rochtain ar théarmaí a bheidh cóir, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach.

3.3 Cur i BhFeidhm Riachtanas Ailt 16(5) agus Ailt 16(6)

Agus é ag aithint an réimse léibheann gur féidir le EPG feidhmiú orthu, chomh maith leis na modhanna éagsúla féideartha trínar féidir comhlíontacht le hAlt 16 (5) agus (6) a bhaint amach, cuirfidh an BCI an cur chuige seo a leanas i bhfeidhm:-

i. Measfaidh an BCI, ar bhonn chás ar cás, na modhanna trína mbeidh sé i gceist ag iarratasóir ar *Chonradh EPG* riachtanais Ailt 16(5) agus (6) a chomhlíonadh.

ii. Ina n-iarratas ar Chonradh EPG, tá sé riachtanach d'iarratasóirí mionsonraí a thabhairt maidir leis na modhanna molta chun comhlíontacht leis an dá riachtanas reachtúil a bhaint amach.

iii. Déanfaidh an BCI na modhanna molta a mheasúnú agus caithfidh sé a bheith sásta gur féidir comhlíontacht a bhaint amach leis na modhanna molta sula ndéantar conradh a dhámhadh.

iv. Nuair a dhámhtar conradh, déanfaidh agus foilseoidh Conraitheoirí EPG ráiteas a thabharfaidh breac-chuntas ar na modhanna ceadaithe trína chinnteoidh an Conraitheoir go gcomhlíonann a sheirbhís EPG Alt 16(5) agus Alt 16 (6).

v. Ni cheadófar athruithe nó mionathruithe ar na modhanna ceadaithe gan chead i scríbhinn roimh ré ón gCoimisiún.

vi. Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar chur i ngníomh na modhanna ceadaithe de réir *Bheartas Comhlíontachta BCI (2006)*.

vii. Má tharlaíonn gearán, déanfaidh an BCI an gearán a bhreithniú ag tagairt do na modhanna ceadaithe chun comhlíonadh Alt 16(5) agus Alt 16(6) a chinntiú.

viii. Tá riachtanas ar **gach** Conraitheoir EPG na riachtanais seo a chomhlíonadh.

4. Ábhar

Ceadófar na cineáil ábhair seo a leanas ar sheirbhís EPG:

- Cumarsáidí Tráchtála
- Ábhar Eagarthóireachta
- Ábhar Idirghníomhach

I ngach cás, comhlíonfaidh ábhar a iompraítear ar EPG, mar is ábhartha, cóid agus rialacha de réir fhorálacha Ailt 19 d'Acht na bliana 2001, ina measc, inter alia, *Cód Ginearálta Fógraíochta BCI*, *Cód Fógraíochta BCI do Pháistí* agus *Cód Chaighdeán Cláir an BCI.* Comhlíonfaidh conraitheoirí chomh maith aon chóid agus rialacha eile maidir le hábhar a fhorbróidh agus a thabharfaidh an BCI isteach ó am go ham.

Déanfar comhlíontacht ábhair a iomprófar é ar sheirbhisí EPG a mheasúnú de réir *Bheartas Comhlíontachta an BCI (2006).*

5. Treoirlínte Formáide EPG de réir Ailt 17

Éilíonn Alt 17d'Acht na bliana 2001 ar shealbhóirí *Chonarthaí EPG* na treoirlínte a d'fhorbair an BCI maidir leis an bhformáid ina chuirtear faisnéis i dtaobh sceideal clár ar EPG i láthair a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, éilíonn Alt 16(4) d'Acht na bliana 2001 ar gach sealbhóir de *Chonradh EPG* na treoirlínte sin a chomhlíonadh.

Sa gcomhthéacs sin, cloífidh gach sealbhóir de *Chonradh EPG* leis na *Treoirlínte Formáide EPG* seo a leanas. Tá sé i gceist go bhfreagróidh na treoirlínte seo riachtanais an phobail, lena n-áirítear daoine den phobal a bhfuil míchumas orthu, ar bhealach a admhaíonn agus a chuireann san áireamh an réadúlacht eacnamaíoch agus praiticiúil a bhaineann le seirbhís EPG a chur ar fáil.

5.1 Treoirlinte Formáide

I. Cinnteoidh *Conraitheoir EPG* go ndearfar an EPG chun go mbeidh sé éasca a úsáid. Maidir leis sin, beidh sé riachtanach d'iarratasóirí ar *Chonarthaí EPG* mionsonraí a thabhairt ina n-iarratas ar dhearadh an EPG. Ba chóir dóibh nóta trách ta a chur ina n-iarratas maidir leis an tslí ina ndéanfar an EPG a dhearadh ionas go mbeidh sé éasca a úsáid.

   Déanfaidh an BCI moltaí den chineál sin a bhreithniú ag tagairt do na prionsabail dearaidh seo a leanas-

   - *Simplíocht agus Inseoltacht* – an bhfuil an EPG deartha sa tslí is go mbeidh a úsáid simplí agus iomasach.

   - *Luas* – an feidir leis an úsáideoir teacht go tapaidh ar an bhfaisnéis cláir agus ar na cláir atá de dhíth.

   - *Cur i láthair* – an bhfuil an EPG slachtmhar agus an bhfuil sé inléite.

II. Mar is indéanta, ba chóir go ndéanfaí an EPG a dhearadh ionas go mbeidh siad in oiriúint, an oiread agus is féidir, do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Maidir leis sin, beidh sé riachtanach d'iarratasóirí ar Chonarthaí EPG breac-chuntas a thabhairt ina n-iarratas ar an gcaoi ina shásóidh an EPG an foráil beartais seo ón dtús ar fad agus ar feadh thréimhse an cheadúnais. Ar a laghad, beidh sé riachtanach d'oibritheoirí EPG:-

- teagmháil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha chun iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna oiriúnacha leis an bhforáil beartais seo a shásamh;

- a chinntiú go dtugann faisnéis sceideal clár aitheantas do chláir a bhfuil seirbhísí rochtana acu e.g. fotheidealú;

- a chinntiú go dtugtar faisnéis amhairc agus, mar is indéanta, ó chluas, maidir le hathruithe liostaithe EPG;

- tuairisc bhliantúil a chur ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta leis an bhforáil beartais seo a shásamh.

III. Cinnteoidh Conraitheoirí EPG go mbeidh an fhaisnéis sceideal clár a chuirfear ar fáil ar an EPG cruinn agus suas chun dáta.

IV. Tabharfaidh gach Conraitheoir EPG eolas dá chustaiméirí maidir le hoibríocht an EPG atá aige. Cé nach bhfuil an Coimisiún ag sonrú an chaoi ina mbainfear amach an riachtanas seo, ní mór, ar a laghad, go mbeadh teacht ina iomlán ar an eolas sin.

5.2 Boscaí Bairr Dílsithe

Beidh sé riachtanach go gcomhlíonfaidh Eolairí Leictreonacha Clár a sholáthraítear iad via Boscaí Bairr Dílsithe na *Treoirlínte Formáide EPG.* Dá bhrí sin, mar is oiriúnach, beidh sé riachtanach d'iarratasóirí ar Chonarthaí EPG mionsonraí a thabhairt ina n-iarratas ar dhearadh an Bhosca Bhairr Dhílsithe atá i bhfeidhm ag an iarratasóir nó a bhfuil sé i gceist ag an iarratasóir feidhm a bhaint as. Agus é ag dearbhú na slí inar chóir d'iarratasóir ar *Chonradh EPG* a sholáthrófar via Bosca Bairr Dílsithe na *Treoirlínte Formáide EPG* a chomhlíonadh, cuirfidh an BCI líon áirithe tosca idirghaolmhara san áireamh:-

1. **Infhaighteacht na Teicneolaíochta**
na bogearraí agus crua-earraí do Bhoscaí Bairr atá ar fáil ag an am a dhéantar an t-iarratas ar an gconradh

2. **Cúrsaí Ábhartha Eacnamaíoch**
samhail gnó an oibritheora, lena n-áirítear a bhonn chustaiméirí acmhainneach nó iarbhír, brabúsacht na cuideachta agus an leibhéal infheistíochta atá sa chuideachta nó atá molta don chuideachta a oibríonn an EPG.

3. **Céim Forbartha an Iarratasóra**
Más oibritheoir EPG an t-iarratasóir cheana féin nó más oibritheoir molta EPG é. Ina fhianaise sin:-

- Beidh sé riachtanach d'oibritheoirí atá ann na *Treoirlínte Formáide EPG* a chomhlíonadh, mar is indéanta. Aithníonn an cur chuige sin na sriantaí bunúsacha sna sonraíochtaí do bhogearraí agus do chrua-earraí le haghaidh na mBoscaí Bairr atá in úsáid ag oibritheoirí atá ann faoi láthair.

- Beidh sé riachtanach d'oibritheoirí atá ann faoi láthair a chinntiú go sásóidh aon athruithe amach anseo chuig caighdeáin nua do Bhoscaí Bairr na caighdeáin EPG is fearr, ag cur san áireamh na teicneolaíochta infhaighte agus cúrsaí ábhartha eacnamaíochta.

- Beidh sé riachtanach d'oibritheoirí molta EPG a chinntiú go gcomhlíonann siad na *Treoirlínte Formáide EPG* ar shlí a shásaíonn na caighdeáin EPG is fearr, ag cur san áireamh na teicneolaíochta infhaighte agus cúrsaí ábhartha eacnamaíochta. Aithníonn an cur chuige sin an acmhainn ata ann d'oibritheoirí nua an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil a úsáid ón am go dtosaíonn a n-oibríocht.

6. Treoirlínte i leith Ailt 17 maidir le Seirbhísí de réir Ailt 16(5)

Leagann Alt 17 d'Acht na bliana 2001 riachtanas ar shealbhóirí *Chonarthaí EPG* seirbhísí craolacháin sonraithe in Alt 16(5) a sholáthar le rochtain ar an tseirbhis EPG ionas go bhféadfar an coinníoll atá leagtha síos in Alt 16(5) a chur i bhfeidhm i gceart ar a son.

Sa chomhthéacs sin, taispeánfaidh iarratasóirí ar *Chonarthaí EPG* ar bhealach a shásóidh an BCI an chaoi a bhfuil sé i gceist acu an riachtanas reachtach sin a chomhlíonadh ionas go soláthrófar rochtain ar an EPG do na seirbhísí seo a leanas:-

- RTÉ 1
- RTÉ 2
- TV 3
- TG4
- UTV
- BBC1 (Tuaisceart Éireann)
- BBC2 (Tuaisceart Éireann)
- Channel 4 (Tuaisceart Éireann)

7. Táille Iarratais

Bainfidh táillí iarratais le gach iarratasóir ar cheadúnas. Leagfar síos iad sin ag tagairt do leibhéal na hoibre agus na n-acmhainní a bhainfidh le hiarratais ar cheadúnais a phróiseáil.

8. Tréimhse Conartha

I dtús báire, is tréimhse ar uasmhéid de chúig bliana a bheidh i gceist.

9. An Próiséas Cinnteoireachta le Conarthaí EPG a Dhámhadh

Déanfar critéir, a bheidh comhsheasmhach leis na forálacha agus leis na hionstraim reachtúla cuí, leis an mbeartas seo agus leis an eolas atá riachtanach sa phróiséas iarratais, a tharraingt aníos agus beidh siad ar fáil roimh ré do gach iarratasíor ionchasach ar *Chonradh EPG*. I gcásanna ina ndiúltaítear iarratais, tabharfar na cúiseanna leis an diúltú sin.

Beidh baint ag an bhFeidhmeannas agus ag Bord an BCI araon leis an bpróiséas cinnteoireachta. Déanfaidh an Feidhmeannas anailís agus léirmheas ar gach iarratas ar *Chonradh EPG*. Cuirfear iarratais faoi bhráid Bhoird an BCI le moladh ón bhFeidhmeannas. Déanfaidh Bord an BCI an deimhniú deireannach maidir le conradh a dhámhadh.

10. Na Coinníollacha faoina nDámhtar Conarthaí

Beidh na coinníollacha faoina mbeidh conarthaí lena ndámhadh, an fhaisnéis a lorgófar sa bpróiséas iarratais agus na forálacha agus na hionstraim reachtúla cuí lena n-áirítear an méid seo a leanas:-

- An tAcht Craolacháin 2001
- An tAcht Craolacháin (Leasú) 2007
- An Treoir Television Without Frontiers agus aon leasuithe uirthi sin
- Na Bearta Rialúcháin curtha i bhfeidhm ag Comreg maidir le hEolairí Leictreonacha Clár

de réir an bheartais seo.

D'fhéadfaí coinníollacha breise a leagadh síos, má mheasann an BCI go bhfuil siad oiriúnach, de réir a fheidhmeanna, a bheartais agus a chuid prionsabal reachtúla agus rialúcháin.

11. Forálacha do Phróiséas Athbhreithnithe

Déanfar *Beartas Ceadúnaithe BCI d'Eolairí Leictreonacha Clár* (2007) a athbhreithniú ó am go ham, de réir mar a mheasann an BCI é sin a bheith oiriúnach, agus de réir athruithe reachtacha agus beartais.

Cuid III – Forálacha Reachtacha

An tAcht Craolacháin, 2001
Forálann **Alt 16** mar seo a leanas:-

Níl an tiontú oifigiúil den Acht seo ar fáil go fóill

(1) *In this section ''electronic programme guide'' means any electronic means of providing information to members of the public in relation to the schedule of programme material the subject of any broadcasting service and which electronic means is an integral part of the distribution and reception system by which the broadcasting service is provided.*

(2) *A person shall not prepare or make available for use by another an electronic programme guide otherwise than under and in accordance with a programme guide contract.*

(3) *The Commission may enter into a contract with a person whereby that other person may prepare and make available for use by another one or more electronic programme guides and such a contract shall be known as an ''electronic programme guide contract'' and is in this Act referred to as a ''programme guide contract''.*

(4) *A programme guide contract shall include a condition requiring the holder of the contract to comply with guidelines under section 17 with respect to the electronic programme guide or guides prepared by him or her in pursuance of that contract.*

(5) *A programme guide contract shall include a condition requiring the holder of the contract to ensure that the electronic programme guide or guides prepared in pursuance of it may easily be used by a member of the public to access information in relation to the schedules of programme material the subject of each broadcasting service—*

(a) provided in the State by—

(i) the Authority,
(ii) Teilifís na Gaeilge, and
(iii) the television programme service contractor,

and

(b) provided in Northern Ireland by any person, being a service that is receivable throughout the whole of Northern Ireland and which is provided by terrestrial means.

(6) *An electronic programme guide prepared by a person who is the holder of a contract that has been entered into under any other section of this Act shall not be designed in such a way as to result in a user of the guide experiencing difficulty in accessing the programme material supplied pursuant to any contract entered into with another person under that or any other section of this Act and which is the subject of a broadcasting service.*

(7) *If the Commission considers it appropriate to do so in order that members of the public may keep themselves informed of the choice of programme material available for viewing on broadcasting services transmitted by the transmission company pursuant to arrangements under section 14(1) and each holder of a licence referred to in section 37(1), it may invite expressions of interest in the securing of a programme guide contract in relation to the electronic programme guide or guides prepared under which the Commission may give a direction under subsection (9).*

(8) *The Commission may, having examined each of the expressions of interest received on foot of such an invitation, enter into a programme guide contract with the person whose proposals for such electronic programme guide or guides would, in its opinion, best serve the needs of the public.*

(9) *The Commission may give a direction to—*

(*a*) the multiplex company requiring that company to enter into arrangements with the transmission company for the transmission by the transmission company of the electronic programme guide or guides prepared under the programme guide contract referred to in *subsection (8)*

and

(b) each holder of a licence referred to in section 37(1) requiring him or her to transmit the said guide or guides,

and the said company and each such holder shall comply with such a direction.

Alt17

Forálann Alt 17 mar seo a leanas:-

> *"The Commission, after consultation with the Director, shall prepare guidelines with respect to the format in which the information in relation to schedules of programme material provided by electronic programme guides may be presented and the making of the arrangements that are necessary to enable the broadcasters referred to in subsection (5) of section 16 to have access to those guides so that the condition referred to in that subsection of each programme guide contract may be properly implemented in their favour."*

Alt 21

Forálann Alt 21 mar seo a leanas:-

> *"(1) It shall be a function of the Commission to enforce—*
>
> *(a) the provisions of Parts II, III and V of this Act,*
> *(b) any code or rules prepared or made under this Act, and*
> *(c) the terms and conditions of any contract entered into by it under this Act.*
>
> *(2) Subsection (1) is without prejudice to the functions of the Broadcasting Complaints Commission under section 24."*

Alt 55

Forálann Alt 55 mar seo a leanas:-

> *"(1) Without prejudice to any specific provision of this Act, or of a contract thereunder, in that behalf, the Commission may terminate or suspend for such period as it specifies any contract entered into by it under this Act—*
>
> *(a) if any false or misleading information was given to the Commission by or on behalf of the holder of the contract before it was entered into,*
>
> *or*
>
> *(b) if the holder of the contract, has, in the opinion of the Commission, failed on one or more occasions to comply with a term or condition of the contract and the nature of that failure is of such seriousness as, in the opinion of the Commission, warrants the termination or suspension by it of the contract.*

(2) A contract terminated or suspended under this or any other provision of this Act, or pursuant to a provision of that contract, suspended, cease to have effect for the period for which it is suspended.

(3) A contract under this Act may contain such terms and conditions as the Commission considers appropriate and specifies in the contract.

(4) Without prejudice to the generality of subsection (3) or any other provision of this Act, a contract under this Act may include—

(a) terms or conditions with respect to—

(i) the period during which the contract shall continue in force,
(ii) whether the contract may be renewed and, if so, the manner in which, the terms on which, and the period for which, the contract may be renewed,

and

(b) a condition prohibiting the assignment of the contract or any interest therein."

Alt 57 Section 57

Forálann Alt 57 mar seo a leanas:-

"(1) A person who contravenes section 12(1), 16(2), 36(1) or subsection (1), (2), (3), (4), (5), (6), (8), (9), (12) or (13) of section 37 shall be guilty of an offence.

(2) A person guilty of an offence under subsection (1) shall be liable—

(a) on summary conviction, to a fine not exceeding £1,500 or imprisonment for a term not exceeding 12 months or both,

(b) on conviction on indictment, to a fine not exceeding £15,000 or imprisonment for a term not exceeding 2 years or both."

An tAcht Craolacháin (Leasú) 2007

Níl an tiontú oifigiúil den Acht seo ar fáil go fóill

Forálann Alt 13 mar seo a leanas:-

Section 16 of the Act of 2001 is hereby amended—

(*a*) in subsection (7) by the substitution for "transmitted by the transmission company pursuant to arrangements under section 14(1) and" of "included as part of a multiplex, within the meaning of the *Broadcasting (Amendment) Act 2007*, and transmitted by",

and

(*b*) by the substitution for subsection (9) of the following subsection:

"(9) The Commission may give a direction to—

(*a*) a multiplex contractor, within the meaning of the *Broadcasting (Amendment) Act 2007*, requiring that contractor to include as part of a television multiplex, within the meaning of that Act, the electronic programme guide or guides prepared under the programme guide contract referred to in subsection (8),

and

(*b*) each holder of a licence referred to in section 37(1) requiring him or her to transmit the said guide or guides, and the said contractor and each such holder shall comply with such a direction."